Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2009



Dublin Institute for Advanced Studies

ANNUAL REPORT 2009

Clár Ábhair

Réamhrá an Chathaoirligh	3
Scoil an Léinn Cheiltigh	7
Scoil na Fisice Cosmaí	13
Scoil na Fisice Teoiriciúla	33
Riarachán agus Airgeadas	41
An Fhoireann	42
Ráitis Airgeadais	66

Contents

Chairman's Introduction	2
School of Celtic Studies	6
School of Cosmic Physics	12
School of Theoretical Physics	32
Administration and Finance	40
Staff	42
Financial Statements	46

Chairman's Introduction

The Dublin Institute for Advanced Studies (DIAS) has significantly increased its international profile in recent years and will continue to develop overseas links pursuing opportunities for growth through collaboration and high impact publishing. The scientists and scholars of the Institute are well capable of seeing the potential application of new technologies and work collaboratively to make progress possible by raising awareness and understanding of the role and value of the physical sciences. We can through science both in Cosmic Physics and in Theoretical Physics and in the Humanities through the School of Celtic Studies be of influence and relevance to the Ireland we serve especially through our strong relations with the Universities and other third level Institutes to whom we willingly share with their researchers our strong international contacts and networks. In 2009 aware of the Government policy to boost scientific and technological competitiveness in line with other European countries the Council of the Institute once again tested the level of its international standing and arranged the quinntennial review of the three Schools. The Council commissioned international Review Panels to assess, using accepted international standards, the research work of the DIAS Schools. The Chairmen of the Review Panels were: Tomás Ó Cathasaigh, Henry L. Shattuck Professor of Irish Studies, Harvard University, USA (*__Celtic Studies__*); Professor Thijs de Graauw, ALMA Observatory, Chile, and Observatory of the University of Leiden, the Netherlands (*__Cosmic Physics__*); Professor Juerg Froehlich Nobel Laureate Eidgenossische Technische Hochschule, Zurich, Switzerland (*__Theoretical Physics__*).

Director of the School of Celtic Studies, Prof. Padraig Breatnach, Prof. Fergus Kelly, Director of the School of Cosmic Physics, Prof. Luke Drury, Prof. Denjoe O' Connor, Prof. Dorlas, Registrar, Mr. Cecil Keaveney, Prof. Liam Breatnach. Germany's Ambassador to Ireland, His Excellency Busso von Alvensleben, Chairman of Council, Prof. Dervilla Donnelly.

Stiúrthóir Scoil an Léinn Cheiltigh, An tOll. Pádraig Breatnach, An tOll. Fergus Kelly, Stiúrthóir Scoil na Fisice Cosmaí, An tOll. Luke Drury, An tOll. Denjoe O'Connor, An tOll. Dorlas, An Cláraitheoir, An tUas. Cecil Keaveney, An tOll. Liam Breatnach, Ambasadóir na Gearmáine go hÉirinn, A Shoilse Busso von Alvensleben, Cathaoirleach na Comhairle, An tOll. Dervilla Donnelly.

The Council is indebted to the members of the Review Panels and appreciates their commitment to the task and especially their observations and advice. The Council is happy to record the positive nature of the reports and pleased that despite rigid financial controls in place in the Institute the calibre of the work being carried out in the Institute has not been affected. The Panel members were particularly complimentary regarding the success of the Fellowship programme (Schroedinger Fellows in the Science Schools and Bergin Fellows in Celtic Studies) and were hopeful of an expansion of this programme in the future. The reports which were presented to Council will be forwarded to the Minister for Education and Science.

In honour of the 60th birthday of Professor Werner Nahm the Director of the School Theoretical Physics a conference on */Advances in Theoretical Physics/* was held in November 2009 with an attendance of world leaders in mathematics and theoretical physics. The programme included the annual statutory public lecture which was given by Professor P. Goddard FRS, Director of the Institute for Advanced Studies in Princeton, which was the first Institute of this type and the model for the Dublin Institute which was the second in the world, others have followed, some important ones in recent years. In many countries they are perceived as one of the most valuable assets in research. It seems odd that in 2009 we had to live under a threat. In spite of the worsening financial situation we hope that the environment will become more conducive to the use of our potential in the many challenging problems posed by the growing importance of applied computing which motivates research particularly in mathematics. The future scientific disciplines will need trained researchers attracted to these subjects. The Institute staff who are mandated to focus on original and future areas of research in specialised fields are so well placed to take up these challenges.

Réamhrá an Chathaoirligh

Chuir Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) go mór lena hiomrá idirnáisiúnta le blianta beaga anuas agus leanfaidh sí ag forbairt a cuid nasc thar lear, ag saothrú a cuid deiseanna chun fás trí chomhoibriú agus trí fhoilsitheoireacht a mbeidh tionchar láidir aici. Aithníonn eolaithe agus scoláirí na hInstitiúide go maith feidhmeanna féideartha na nuatheicneolaíochta agus comhoibríonn siad chun dul chun cinn a éascú trí fheasacht agus thuiscint ar ról agus ar luach na n-eolaíochtaí fisiceacha a ardú. Freastalaímid ar Éirinn; agus is féidir linn dul i bhfeidhm uirthi agus bheith ábhartha di tríd an eolaíocht, san Fhisic Chosmach agus san Fhisic Theoriciúil araon, agus sna Daonnachtaí, trí Scoil an Léinn Cheiltigh. Déanaimid an freastal seo trínar gcaidreamh leis na hOllscoileanna agus le hInstitiúidí tríú leibhéil eile, agus chun seo a dhéanamh táimid toilteanach ár dteagmhálacha agus ár líonraí láidre idirnáisiúnta a chomhroinnt lena gcuid taighdeoirí. In 2009 bhí a fhios ag Comhairle na hInstitiúide faoi pholasaí an Rialtais chun iomaíocht eolaíochta agus teicneolaíochta a threisiú le bheith ar aon dul le tíortha Eorpacha eile, agus dá bharr sin, thriail an Chomhairle arís eile leibhéal a caighdeáin idirnáisiúnta agus d'eagraigh sí athbhreithniú cúigbhliantúil ar na trí Scoil. Choimisiúnaigh an Chomhairle Painéil Athbhreithnithe idirnáisiúnta chun obair thaighde Scoileanna DIAS a mheas, ag baint úsáide as caighdeáin idirnáisiúnta. Ba iad Cathaoirligh na bPainéal Athbhreithnithe: Tomás Ó Cathasaigh, Henry L. Shattuck, Ollamh le Léann Éireannach, Ollscoil Harvard, SAM (***Léann Ceilteach***); an tOllamh Thijs de Graauw, réadlann ALMA, an tSile, agus Réadlann Ollscoil Leiden, an Ísiltír (***Fisic Chosmach***); an tOllamh Juerg Froehlich, Craobh Labhrais Nobel, Eidgenossische Technische Hochschule, Zurich, an Eilvéis (***Fisic Theoiriciúil***).

Tá an Chomhairle faoi chomaoin ag comhaltaí na bPainéal Athbhreithnithe agus tá sí buíoch as a dtiomantas don tasc agus as a gcuid barúlacha agus as a gcomhairle go háirithe. Tá áthas ar an gComhairle a rá go raibh na tuarascálacha dearfach agus nár chuir na dianrialála airgeadais, atá i bhfeidhm san Institiúid, isteach ar chaighdeán na hoibre atá á dhéanamh inti. Mhol comhaltaí na bPainéal rath an chláir Ánrachta go háirithe (Ánraí Schroedinger sna Scoileanna Eolaíochta agus Ánraí Bhergin sa Léann Ceilteach) agus bhí siad dóchasach go bhforbrófaí an clár amach anseo. Cuireadh na tuarascálacha faoi bhráid na Comhairle agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an Aire Oideachais agus Scileanna.

I mí na Samhna, comóradh 60ú breithlá an Ollaimh Werner Nahm, Stiúrthóir na Scoile Fisice Teoiriciúla, le comhdháil ar */Dhul Chun Cinn san Fhisic Theoriciúil/* ar ar fheastail ceannairí domhanda na matamaitice agus na fisice teoiriciúla. Mar chuid den chlár thug an tOllamh P. Goddard FRS an léacht phoiblí reachtúil; is eisean Stiúrthóir na hInstitiúide Ard-Léinn, Princeton. Ba é Princeton an chéad institiúid den chineál seo ar domhan agus an tsamhail don Institiúid i mBaile Átha Cliath, an dara ceann ar domhan; bunaíodh cinn eile ó shin agus roinnt cinn thábhachtacha le blianta beaga anuas. Ina lán tíortha feictear orthu mar cheann de na tairbhí is luachmhaire i réimse an taighde. Nach ait é go raibh orainn maireachtáil faoi bhagairt i 2009. D'ainneoin an choir chun donais i gcúrsaí airgeadais, tá súil againn go mbeidh timpeallacht níos fabhraí le haghaidh úsáid ár n-acmhainneachta maidir le go leor de na fadhbanna dhúshlánacha a bhaineann le méadú thábhacht na ríomhaireachta feidhmí a spreagann taighde, sa mhatamaitic go háirithe. Beidh gá ag na disciplíní eolaíochta sa todhchaí le taighdeoirí oilte sna hábhair seo. Tá foireann na hInstitiúide faoi shainordú díriú ar réimsí taighde bunaigh agus ar réimsí nua speisialaithe sa todhchaí; tá an fhoireann in áit chuí chun tabhairt faoi na dúshláin seo.

I mí Lúnasa, ba chúis áthais don Institiúid, trí Scoil na Fisice Cosmaí, fáiltiú roimh an Ollamh Zdenek Martinec dá phost mar Ollamh le Geoifisic agus guímid gach rath air ina chuid oibre. Éiríonn an Dr Peter Readman as a phost tar éis tríocha bliain i rannóg Geoifisice na Scoile agus gabhann an Chomhairle buíochas leis as a dhílseacht agus a thiomantas don Institiúid thar na blianta go léir agus guímid rath air ar scor dó. I mí na Samhna bhí rath ar iarracht na Scoile Fisice Cosmaí le bheith ina hIonad Náisiúnta Sonraí (INS) don Chonradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha (CCCT). Is é Stiúrthóir na Scoile, an tOllamh Luke Drury, Ceannaire an INS agus is é an tUasal Tom Blake ón rannóg Gheoifisice an Príomhphointe Teagmhála.

I mí na Samhna, sheol an tOllamh Tomás Ó Cathasaigh an leabhar /Scriptural Instruction in the Vernacular: the Irish Society and its Teachers 1818-1827/ le Pádraig de Brún. Tugann an saothar seo léargas domhain ar staid Léann na Gaeilge ag tús an naoú haois déag agus ar na scríobhaithe, na filí agus na máistrí scoil scairte a bhí gníomhach ag an am. Bhí an t-údar ar fhoireann Scoil an Léinn Cheiltigh ó 1968 go dtí 1998.

Chairman's Introduction {continued}

In August the Institute through the School of Cosmic Physics had the pleasure of making welcome Professor Zdenek Martinec in the post of Professor of Geophysics and wish him every success in his work. Dr Peter Readman retires after thirty years in the Geophysics section of the School and Council thanks him for his loyalty and commitment to the Institute over the many years and wishes him well in his retirement. In November 2009 the School of Cosmic Physics was successful in its bid to assume the role of National Data Centre (NDC) for the comprehensive Test Ban Treaty (CTBT). The Director of the School Professor Luke Drury is the Head of the NDC and Mr Tom Blake from the Geophysics section is the principal point of contact.

Pádraig de Brún's book *Scriptural Instruction in the Vernacular: the Irish Society and its Teachers 1818-1827* was launched in November 2009 by Professor Tomas O Cathasaigh. This work provides a deep insight on the state of Irish learning at the beginning of the nineteenth century and on the scribes, poets and hedge-school masters who were active at that time. The author had been a member of the staff of the School of Celtic Studies from 1968 until 1998.

Whilst the focus of all the Schools is very clearly on research and advanced training, public outreach is an important activity of the Institute and the development of the programme Seismology in Schools (SIS) progressed with a workshop for teachers dealing with the subject of operational seismology and was held in Burlington Road in April 2009. The open-night programme at Dunsink has been considerably expanded with the addition of special events for selected groups and a strong science week programme aimed at schools. The Council recognises and thanks Hilary O'Donnell for her strong commitment to this programme. 2009 was the International Year of Astronomy and in cooperation with Blackrock Castle Observatory in Cork and the Armagh Observatory in Northern Ireland two international speakers were invited to Ireland: Brother Guy Consolmagno (Vatican Observatory) and Caroline Porco the principal investigator of the Cassini Mission to Saturn and its moons. The Institute's website continues to be of service to scholars worldwide.

Council wishes to thank sincerely the work and leadership given by the Chairmen of the School Boards, Professor Arthur Jaffe of Harvard University to the School of Theoretical Physics, Professor Anders Ahlqvist of University of Sydney, Australia to the School of Celtic Studies and to Professor Gerry Wrixon former President University College Cork to the School of Cosmic Physics.

The Council continues to make progress on improving its risk management and control processes and systems and wishes to recognise and thank the Audit Committee and its Chairman Professor David Spearman for their diligent guardianship.

The Council thanks the Department of Education and Science for their continued interest in the work of the Institute.

The last few years have at times been challenging. I take this opportunity to thank Council, the Governing Boards, the academics and scholars and pay tribute to the management staff that has played such an active role in making this success story in such a competitive market place.

Réamhrá an Chathaoirligh {ar lean}

Cé gur ríshoiléir go bhfuil fócas na Scoileanna uile ar thaighde agus ar oiliúint ardchéime, is gníomhaíocht thábhachtach de chuid na hInstitiúide í an fhor-rochtain phoiblí agus cuireadh forbairt an chláir Seismeolaíocht sa Scoil (SSS) chun cinn le ceardlann do mhúinteoirí ar an ábhar seismeolaíocht oibríochtúil i mBóthar Bhurlington i mí Aibreáin. I nDún Sinche leathnaíodh an clár oíche oscailte go mór le hócáidí speisialta nua le haghaidh grúpaí roghnaithe agus cuireadh clár láidir seachtaine eolaíochta leis a dhírigh ar na scoileanna. Aithníonn an Chomhairle tiomantas láidir Hilary Sullivan don chlár seo agus gabhann sí a buíochas di as. Bliain Idirnáisiúnta na Réalteolaíochta ba ea 2009 agus i gcomhoibriú le Réadlann na Dúcharraige i gCorcaigh agus le Réadlann agus Pláinéadlann Ard Mhacha i dTuaisceart Éireann, tugadh cuireadh do bheirt chainteoirí iomráiteacha teacht go hÉirinn: an Br. Guy Consolmagno (Réadlann na Vatacáine) agus Caroline Porco, Príomhthaighdeoir Mhisean Cassini go dtí Satarn agus a chuid gealaí. Leanann suíomh Gréasáin na hInstitiúide ag freastal ar scoláirí ar fud an domhain.

Is mian leis an gComhairle a buíochas dáiríre a ghabháil le Cathaoirligh na mBord Scoile as a gcuid oibre agus as a gceannaireacht: an tOllamh Arthur Jaffe ó Ollscoil Harvard do Scoil na Fisice Teoiriciúla; an tOllamh Anders Ahlquist ó Ollscoil Sydney, an Astráil, do Scoil an Léinn Cheiltigh; agus an tOllamh Gerry Wrixon, iar-Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, do Scoil na Fisice Cosmaí.

Leanann an Chomhairle ag déanamh dul chun cinn i bhfeabhsú bainistíochta riosca agus i bpróisis rialaithe agus i gcóras rialaithe agus is mian léi aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis an gCoiste Iniúchóireachta agus lena Cathaoirleach, an tOllamh David Spearman as a gcuid caomhnóireachta díograsaí.

Is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna as a suim leanúnach in obair na hInstitiúide.

Bhí na blianta beaga anuas dúshlánach ag amanna áirithe. Glacaim leis an deis seo chun buíochas a ghabháil leis an gComhairle, leis na Boird Bhainistíochta, leis na hacadóirí agus leis na Scoláirí agus chun ómós a thabhairt don fhoireann bhainistíochta as an scéal rathúil seo a bhaint amach ina leithéid de mhargadh iomaíoch.

His Excellency Busso von Alvensleben pictured with Professor Dervilla Donnelly, Chairman of Council.

A Shoilse Busso von Alvensleben agus an tOllamh Dervilla Donnelly, Cathaoirleach na Comhairle.

School of Celtic Studies

A successful conference on the Book of the O'Conor Don was organised by Professor Pádraig Ó Macháin on 16 May. Pyers O'Conor Nash, the owner of this renowned manuscript, opened the conference, and nine papers (including two by members of the School) were then read on various aspects of the manuscript. The proceedings of this conference will be published in book form.

On 20 November, Professor Tomás Ó Cathasaigh launched *Scriptural Instruction in the Vernacular: the Irish Society and its Teachers 1818-1827* by Pádraig de Brún (on the staff of the School of Celtic Studies from 1968 until 1998). This very important book gives an account of the 'Irish Society for the Promotion of the Education of the Native Irish through the Medium of their own Language'. This Society was founded so that illiterate Irish speakers would be able to read the Scriptures in their own language. The author has assembled an annotated list of 750 Bible-teachers employed by the Society to teach the Scriptures to their neighbours. This information provides an unparalleled insight on the state of Irish learning at the beginning of the nineteenth century, and on the scribes, poets and hedge-school masters who were active at the time.



A successful conference on the Book of the O'Conor Don was organised by Professor Pádraig Ó Macháin in May.

Comhdháil rathúil ar Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn a d'eagraigh an tOllamh Pádraig Ó Macháin i mí Bealtaine.

The ongoing demand for our publications made it necessary to reprint the following: *Dr Bedell and Mr King: the making of the Irish Bible* (Terence McCaughey, 2001), *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway: a phonetic study* (Tomás de Bhaldraithe, 1945, repr. 1966, 1975), *The Irish of Ring, Co. Waterford: a phonetic study* (Risteard B. Breatnach, 1947, repr. 2001), *Gàidhlig Uidhist a Deas* (Gordon Mac Gill-Fhinnein, 1966), *Aspects of Irish personal names* (Brian Ó Cuív, 1986), *Les fragments de La Destruction de Jérusalem et des Amours du Vieillard (textes en moyen-breton), traduits et annotés* (ed. Roparz Hemon, 1969), *Dhá scéal Artúraíochta* (ed. Máire Mhac an tSaoi, 1946, repr. 1984), *Lectures on early Welsh poetry* (Sir Ifor Williams, 1944, repr. 1970), *The Latin of Saint Patrick: four lectures* (Christine Mohrmann 1961). There was also a reprint of *A Guide to Early Irish Law* (Fergus Kelly, 1988, repr. 1991, 1995, 1998, 2003), with revised bibliography up to 2009.

The development of the ISOS (Irish Script on Screen) project continued under the direction of Professor Pádraig Ó Macháin, and there were more than 2,700,000 visits to the website during the year. Digitisation was carried out on manuscripts in the Royal Irish Academy and in the Russell Library, National University of Ireland, Maynooth. Also digitised were deeds and manuscript fragments from the collection in Clonalis House, Co. Roscommon, and a manuscript of Piaras Grás (owned privately). An agreement was made with the University of Melbourne to digitise two nineteenth-century Irish manuscripts, and both are displayed on the website. Another Irish manuscript from Australia is of especial interest: it is 'John Howard's Prayer Book', from the Benedictine Monastery in New Norcia, Western Australia. The presence of this manuscript was noticed by Professor Neil McLeod (scholar at the School of Celtic Studies from 1983 to 1985), whose description of it is reproduced beside the images on the ISOS site. An agreement was reached with the National Library of Scotland to collaborate on the digitisation and display of the Irish manuscripts in that collection, and it is intended that this work will commence in 2010.

Scoil an Léinn Cheiltigh

D'éirigh go maith le comhdháil ar Leabhar Uí Chonchubhair Dhoinn a d'eagraigh an tOllamh Pádraig Ó Macháin ar an 16 Bealtaine. Chuir Pyers O'Conor Nash, úinéir na lámhscríbhinne clúití seo, tús leis an gcomhdháil, agus ansin léadh naoi bpáipéir (dhá pháipéar le baill d'fhoireann na Scoile san áireamh) ar ghnéithe éagsúla a bhaineann leis an lámhscríbhinn. Foilseofar imeachtaí na comhdhála seo i bhfoirm leabhair.

Ar an 20 Samhain sheol an tOllamh Tomás Ó Cathasaigh *Scriptural Instruction in the Vernacular: The Irish Society and its Teachers 1818-1827* le Pádraig de Brún (ar fhoireann Scoil an Léinn Cheiltigh ó 1968 go dtí 1998). Tugann an leabhar fíor-thábhachtach seo cuntas ar an 'Irish Society for the Promotion of the Education of the Native Irish through the Medium of their own Language'. Bunaíodh an Cumann seo chun go mbeadh Gaeilgeoirí neamhliteartha in ann na Scrioptúir a léamh ina dteanga féin. Tá liosta nótáilte curtha le chéile ag an údar de 750 Bíoblóirí a d'fhostaigh an Cumann chun na Scrioptúir a mhúineadh dá gcomharsana. Tugann an t-eolas seo léargas thar cionn ar staid Léann na Gaeilge ag tús na naoú haoise déag, agus ar na scríobhaithe, filí agus múinteoirí chois claí a bhí gníomhach ag an am.

Mar gheall ar an éileamh leanúnach a bhíonn ar ár gcuid foilseachán caitheadh na leabhair seo leanas a chur i gcló arís: *Dr Bedell and Mr King: the making of the Irish Bible* (Terence McCaughey, 2001), *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway: a phonetic study* (Tomás de Bhaldraithe, 1945, athchló 1966, 1975), *The Irish of Ring, Co. Waterford: a phonetic study* (Risteard B. Breatnach, 1947, athchló 2001), *Gàidhlig Uidhist a Deas* (Gordon Mac Gill-Fhinnein, 1966), *Aspects of Irish personal names* (Brian Ó Cuív, 1986), *Les fragments de La Destruction de Jérusalem et des Amours du Vieillard (textes en moyen-breton), traduits et annotés* (eag. Roparz Hemon, 1969). *Dhá scéal Artúraíochta* (eag. Máire Mhac an tSaoi, 1946, athchló 1984), *Lectures on early Welsh poetry* (Sir Ifor Williams, 1944, athchló 1970), The *Latin of Saint Patrick: four lectures* (Christine Mohrmann, 1961). Cuireadh athchló freisin ar *A Guide to Early Irish* Law (Fergus Kelly, 1988, athchló 1991, 1995, 1998, 2003), le clár leabhar athchóirithe go dtí 2009.

Lean forbairt an tionscnaimh MPR (Meamram Páipéar Ríomhaire) faoi stiúradh an Ollaimh Pádraig Ó Macháin, agus bhí níos mó ná 2,700,000 cuairt don suíomh idirlín i rith na bliana. Rinneadh digitiú ar lámhscríbhinní in Acadamh Ríoga na hÉireann agus i Leabharlann Ruiséil, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Rinneadh digitiú freisin ar chairteacha agus ar bhlúirí de lámhscríbhinní ón mbailiúchán i dTeach Cluain Mhailis i gContae Roscomáin, agus ar lámhscríbhinn Phiarais Grás (i seilbh phríobháideach). Rinneadh comhaontú le húdaráis Ollscoil Melbourne chun dhá lámhscríbhinn Gaeilge ón naoú aois déag a dhigitiú, agus tá siad araon ar taispeáint ar an súiomh idirlín. Is díol suime faoi leith lámhscríbhinn eile ón Astráil: 'Leabhar Urnaí Sheáin Uí Úmhair', ón Mainistir Bheinidicteach i Nua-Norcia, san Astráil Thiar. Is é an tOllamh Neil McLeod (scoláire i Scoil an Léinn Cheiltigh ó 1983 go dtí 1985) a thug suntas don lámscríbhinn seo, agus tá a chur síos uirthi ar taispeáint in aice leis na híomhánna. Rinneadh comhaontú le Leabharlann Náisiúnta na hAlban chun comhoibriú a dhéanamh le digitiú agus taispeáint na lámhscríbhinní Gaeilge insan mbailiúchán sin, agus tá sé ar intinn againn tosú leis an obair seo i 2010.

Leanadh le catalógú reatha agus aisbhreathnaithneach na Leabharlainne faoi stiúradh an Leabharlannaí Margaret Kelly le cabhair ón gCúntóir Leabharlainne Órla Ní Chanainn. Déileáladh le ceisteanna taighde agus bibleagrafaíochta ó bhaill na Scoile agus ó chuairteóirí. Chuidigh Alex Kouker – ag obair dá dheoin féin lá amháin sa tseachtain – leis an gcatalóg aisbhreathnaithneach. Bhí Réiltín Mhac Cana agus baill eile de mhuintir Mhic Cana i láthair ag fáiltiú ar an 26 Feabhra nuair osclaíodh Leabharlann Phroinsiais Mhic Cana i Seomra 21.

Chríochnaigh an tOllamh Fergus Kelly a sheimineár ar théacs Sean-Ghaeilge ar chionta agus fadhbanna dlí idir lánuineacha pósta (Eanáir-Feabhra), agus thug Clodagh Downey seimineár ar dhánta Chúáin Uí Lothcháin (Eanáir-Aibreán). Thug an tOllamh Pádraig Breatnach seimineáir ar na Ceithre Máistrí (Márta-Bealtaine) agus ar 'Togha na héigse 1700-1800' (Feabhra-Bealtaine). Thug an tOllamh Liam Breatnach seimineáir ar an dtéacs dlí *Críth Gablach* (Eanáir-Bealtaine) agus ar dhíolaim téacsanna próis agus filíochta (Deireadh Fómhair-Nollaig). Thosaigh sé seimineár freisin ar an dtéacs dlí *Bretha Nemed Toísech* (Deireadh Fómhair-Nollaig). Thug Breandán Ó Buachalla, ollamh le Teanga agus Litríocht na Gaeilge in Ollscoil Notre Dame, dhá léacht ar chúrsaí meadarachta (4, 9 Márta).

Lean eagarthóirí *Celtica*, na hOllúna Malachy McKenna agus Fergus Kelly, ag obair ar *Celtica* 26, a fhoilseofar i 2010. Réitigh an tOllamh Pádraig Breatnach, Eagarthóir *Éigse:*

Current and retrospective cataloguing of the Library continued under the direction of the Librarian Margaret Kelly, with the assistance of the Library Assistant Órla Ní Chanainn. Research and bibliographical queries from members of the staff and from visitors were dealt with. Alex Kouker – working as a volunteer one day a week – assisted with the retrospective catalogue. Réiltín Mhac Cana and other members of the Mac Cana family were present at a reception on 26 February to mark the opening of the Proinsias Mac Cana Library in Room 21.

Professor Fergus Kelly finished his seminar on an Old Irish text on offences and legal problems between married couples (January-February), and Dr Clodagh Downey gave a seminar on the poems of Cúán Ua Lothcháin (January-April). Professor Pádraig Breatnach gave seminars on the Four Masters (March-May) and 'Togha na héigse 1700-1800' (February-May). Professor Liam Breatnach gave seminars on the law-text *Críth Gablach* (January-May) and on a selection of prose and verse texts (October-December). He also started a seminar on the law-text *Bretha Nemed Toísech* (October-December). Breandán Ó Buachalla, Professor of Irish language and Literature in the University of Notre Dame, gave two lectures on metrical topics (4, 9 March).

The editors of *Celtica*, Professors Malachy McKenna agus Fergus Kelly continued work on *Celtica* 26, which will be published in 2010. Professor Pádraig Breatnach edited volume 37 of *Éigse: A Journal of Irish Studies*, which will be published in 2010. He completed a monograph on the O'Clery recension of the *Leabhar Gabhála*, as well as a booklet entitled 'The Four Masters and their works: a team enterprise' (Statutory Public Lecture of the School of Celtic Studies 2008). Professor Liam Breatnach worked on his edition of the law-text *Córus Bésgnai*, and Professor Fergus Kelly continued with his edition of the *Legal Treatise* composed by Giolla na Naomh Mac Aodhagáin († 1309). Professor Pádraig Ó Macháin carried out editorial work on *The Book of the O'Conor Don: essays on an Irish manuscript*.

Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha worked on the preparation of fasciculus I (the medical manuscripts) of the new Catalogue of the Irish manuscripts in the Library of Trinity College Dublin. The Bibliographer Alexandre Guilarte continued with the compilation of the fourth volume of the *Bibliography of Irish Linguistics and Literature*, focusing on the cataloguing and analysis of periodical publications in the field of Irish studies. Dr Clodagh Downey worked on an edition of the poems of Cúán Ua Lothcháin († 1024), and Dr Roisin McLaughlin worked on her edition of the Middle Irish metrical treatise (*Mittleirische Verslehren* III), and on *Cédaín in Braith*, a Latin-Irish homily in the Leabhar Breac. Dr Michelle O Riordan continued to work on political poetry from the seventeenth century.

Dr Brian Ó Curnáin prepared his monograph on the Irish of East Galway, and recorded speakers in Rosmuc and in An Achréidh (Claregalway), Co. Galway. Professor Malachy McKenna continued to work on his linguistic study of the dialect of Rannafast, Co. Donegal, and carried out field-work in the area. Dr Nora White continued with her edition of 'Riagail Mo Chuta', and carried out preliminary work for the project to laser-scan the Ogam inscriptions. Eoin O'Flynn continued with his doctoral thesis on the Clann Cholmáin kings of Meath. Anna Matheson was appointed an O'Donovan Scholar from 1 October, and carried out research on references to madness in the early Irish sources, particularly in the law-texts. Helen Imhoff was appointed an O'Donovan Scholar from 1 October, and commenced a study of the Middle Irish tale *Fástini Airt* 'the prophesy of Art' and related tales.

The Annual Tionól of the School was held on Friday 20 and Saturday 21 November. It was organised by Clodagh Downey assisted by Roisin McLaughlin and Alexandre Guilarte, and by the School Administrator Eibhlín Nic Dhonncha. Twenty papers were read by scholars from Ireland, England, Wales, Scotland, Germany, Italy and Austria; there was an attendance of more than one hundred. Fergus Kelly gave the Statutory Public Lecture in Trinity College Dublin on the topic 'Women's rights and duties in early Irish law, with special reference to marriage'. Approximately one hundred and fifty people were present.

On 3 March, Dr Jimmy Devins, T. D., Minister of State in the Department of Education and Science paid a visit to the Institute. As he is a medical doctor, he took particular interest in the research which Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha is carrying out on the Irish medical manuscripts. The Ambassador of Germany, His Excellency Dr Busso von Alvensleben, visited the Institute on 4 November. Publications of the School of Celtic Studies were presented to these two distinguished visitors.

Scoil an Léinn Cheiltigh {ar lean}

A Journal of Irish Studies, imleabhar 37 den iris, a fhoilseofar i 2010. Chríochnaigh sé monagraf ar leagan Uí Chléirigh den *Leabhar Gabhála*, chomh maith le leabhrán dar teideal 'The Four Masters and their works: a team enterprise' (Léacht Reachtúil Scoil an Léinn Cheiltigh 2008). D'oibrigh an tOllamh Liam Breatnach ar a eagrán den téacs dlí *Córus Bésgnai*, agus choinnigh an tOllamh Fergus Kelly air ag obair ar eagrán den *Tráchtas Dlí* a chum Giolla na Naomh Mac Aodhagáin († 1309). Rinne an tOllamh Pádraig Ó Macháin obair eagarthóireachta ar *The Book of the O'Conor Don: essays on an Irish manuscript*.

D'oibrigh an tOllamh Aoibheann Nic Dhonnchadha ag ullmhú fascúil I (na lámhscribhinní leighis) den gClár nua desna lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Lean an Bibleagrafóir Alexandre Guilarte le cnuasach an cheathrú imleabhair den *Bhibleagrafaíocht Teangeolaíochta agus Litríochta na Gaeilge*, ag díriú ar chatalogú agus anailís na bhfoilseachán tréimhsiúla i réimse léann na Gaeilge. D'oibrigh an Dr Clodagh Downey ar eagrán de dhánta Chúáin Uí Lothcháin († 1024), agus d'oibrigh an Dr Roisin McLaughlin ar a heagrán den tráchtas meadarachta Meán-Ghaeilge (*Mittleirische Verslehren* III), agus ar *Chédaín in Braith*, seanmóir Laidin-Gaeilge insan Leabhar Breac. Lean an Dr Michelle O Riordan ag obair ar fhilíocht pholaitiúil ón seachtú céad déag.

D'ullmhaigh an Dr Brian Ó Curnáin a mhonagraf ar Ghaeilge Oirthear na Gaillimhe, agus thaifead sé cainteoirí i Ros Muc agus ar Achréidh na Gaillimhe. Lean an tOllamh Malachy McKenna ag obair ar a staidéar teangeolaíochta ar chanúint Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall, agus rinne sé obair pháirce sa cheantar. Lean Dr Nora White ar a heagrán de 'Riagail Mo Chuta', agus rinne sí réamhobair don tionscnamh léasar-scannála ar na h-inscríbhinní Oghaim. Lean Eoin O'Flynn ag réiteach a thráchtas dochtúireachta ar ríthe Chlainn Cholmáin na Mí. Ceapadh Anna Matheson ina Scoláire Uí Dhonnabháin ó 1 Deireadh Fómhair, and rinne sí taighde ar thagairtí don ngealtacht insna luath-fhoinsí Gaeilge, go háirithe insna téacsanna dlí. Ceapadh Helen Imhoff ina Scoláire Uí Dhonnabháin ó 1 Deireadh Fómhair, agus thosaigh sí ar staidéar ar an scéal Meán-Ghaeilge *Fháistini Airt* agus scéalta gaolmhara.

Reachtáladh Tionól bliantúil na Scoile Dé hAoine 20 agus Dé Sathairn 21 Samhain. Is í Clodagh Downey a d'eagraigh é i mbliana le cabhair ó Roisin McLaughlin agus Alexandre Guilarte, agus ó Riarthóir na Scoile, Eibhlín Nic Dhonncha. Léadh fiche páipéar le scoláirí ó Éirinn, ó Shasana, ón mBreatain Bhig, ó Albain, ón nGearmáin, ón Iodáil, agus ón Ostair; bhí níos mó ná céad duine i láthair. Thug Fergus Kelly an Léacht Reachtúil i gColáiste na Tríonóide ar an ábhar 'Women's rights and duties in early Irish law, with special reference to marriage'. Bhí tuairim céad duine is caoga i láthair.

Ar an 3 Márta thug an Dr Séamus Ó Daimhín, T. D., Aire Stáit sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, cuairt ar an Institiúid. Ós dochtúir le leigheas é, chuir sé spéis faoi leith san taighde atá ar siúl ag an Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha ar na lámhscríbhinní Gaeilge leighis. Thug Ambasadóir na Gearmáine, a Shoillse an Dr Busso von Alvensleben, cuairt ar an Institiúid ar an 4 Samhain. Bronnadh foilseacháin de chuid Scoil an Léinn Cheiltigh ar an mbeirt chuairteóir cháiliúla seo.



The Director, Professor Pádraig A. Breatnach, with Professor Tomás Ó Cathasaigh at the launch of *Scriptural Instruction in the Vernacular The Irish Society and its Teachers 1818-1827* by Pádraig de Brún.

An Stiúrthóir, An tOllamh Pádraig A. Breatnach, leis an Ollamh Tomás Ó Cathasaigh ar ócáid seolta *Scriptural Instruction in the Vernacular The Irish Society and its Teachers 1818-1827* le Pádraig de Brún.

School of Celtic Studies {continued}

On the 18-19 June, an External Review was carried out on the work of the School of Celtic Studies. On the review panel were Professor James McCloskey (University of California, Santa Cruz), Professor Catherine McKenna (Harvard University), Professor Damian McManus (Trinity College Dublin), Professor Tomás Ó Cathasaigh, Chairman, (Harvard University), and Professor Patrick Sims-Williams (Aberystwyth University). The panel conducted interviews with the staff of the School, the Bergin Fellows and the O'Donovan Scholars. The report of the panel was brought before the Governing Board (1 October) and the Council of the Institute (23 November). The panel congratulated the School on the outstanding work which is in progress, and on the amount which has been completed over the past few years.

On his visit to the School The Minister of State at the Department of Enterprise, Trade and Innovation at the Department of Education and Science, Jimmy Devins TD with Professor Pádraig Ó Macháin Director of Irish Script on Screen.

Ar cuairt chuig an Scoil An tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Séamus Ó Daimhín TD leis an Ollamh Pádraig Ó Macháin Stiúrthóir ISOS.

On 13 July the database of the *Monasticon Hibernicum* project was launched on the School's website, providing information on the monastic settlements of Ireland from the fifth to the twelfth centuries AD. The database was compiled between 2003 and 2007 by Dr Ailbhe Mac Shamhráin, assisted by Dr Nora White and by Dr Aidan Breen, under the general direction of Professor Kim McCone, National University of Ireland, Maynooth, with funding from the Irish Research Council for the Humanities and Social Sciences. The database was prepared for the website by Andrew McCarthy, IT consultant in the School of Celtic Studies.

The Honourable Mr Justice Séamus Henchy, a judge of the Supreme Court from 1972 to 1988, died on 5 April at the age of 91. He studied Irish at University College Galway, and obtained a doctorate from the National University of Ireland in the year 1943 for a thesis on fosterage in Early and Medieval Ireland. He maintained a constant interest in the work of the School of Celtic Studies, and the School published his edition of the *Miscellaneous Irish Annals* (A.D. 1114-1437) in 1947 (reprinted in 2004). May he rest in peace.

Scoil an Léinn Cheiltigh {ar lean}

Ar an 18-19 Meitheamh, cuireadh Measúnóireacht Sheachtrach i bhfeidhm ar obair Scoil an Léinn Cheiltigh. Ar an bpainéal mheasúnóireachta a bhí an tOllamh James McCloskey (Ollscoil California, Santa Cruz), an tOllamh Catherine McKenna (Ollscoil Harvard), an tOllamh Damian McManus (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), an tOllamh Tomás Ó Cathasaigh, Cathaoirleach, (Ollscoil Harvard), agus an tOllamh Patrick Sims-Williams (Ollscoil Aberystwyth). Rinne an painéal agallamh le foireann na Scoile, le comhaltaí Uí Aimhirgín agus le scoláirí Uí Dhonnabháin. Tugadh tuarascáil an phainéil os comhair an Bhoird Rialúcháin (1 Deireadh Fómhair) agus os comhair Chomhairle na hInstitiúide (23 Samhain). Rinne an painéal comhghairdeas leis an Scoil faoin obair shuntasach atá ar siúl i láthair na huaire, agus faoin méid atá curtha i gcrích le cúpla bliain anuas.

Ar an 13 Iúil seoladh ar shuíomh idirlín na Scoile bunachar an tionscnaimh *Monasticon Hibernicum*, a chuireann eolas ar fáil faoi áitribh eaglasta na hÉireann ón gcúigiú go dtí an dara céad déag AD. Thiomsaigh an Dr Ailbhe Mac Shamhráin an bunachar idir 2003 agus 2007, le cabhair ón Dr Nora White agus ón Dr Aidan Breen, faoi stiúradh an Ollaimh Kim McCone, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, le maoiniú ón gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta. D'ullmhaigh Andrew McCarthy, comhairleoir ríomhaireachta i Scoil an Léinn Cheiltigh, an bunachar i gcomhair an tsuímh idirlín.

Fuair an tOnórach an Breitheamh Séamus Ó hInnse, breitheamh sa Chúirt Uachtarach ó 1972 go dtí 1988, bás ar an 5 Aibreán in aois 91. Rinne sé staidéar ar an nGaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, agus fuair sé dochtúireacht ó Ollscoil na hÉireann sa bhliain 1943 ar thráchtas faoi altramas in Éirinn sa tSeanré agus insna Meánaoiseanna. Chuir sé suim i gcónaí in obair Scoil an Léinn Cheiltigh, agus d'fhoilsigh an Scoil a eagrán den *Miscellaneous Irish Annals* (A.D. 1114-1437) in 1947 (athchló 2004). Ar dheis Dé go raibh a anam.

School of Cosmic Physics

Astronomy and Astrophysics

The combined Astronomy and Astrophysics section continues to be scientifically very productive,with some 55 refereed publications covering a broad range of topics in high-energy astrophysics and star formation, the two main interests of the section, appearing in main-stream journals during the year. Full details can be found in the Research Report of the School. It is noteworthy that this high level of productivity was maintained despite the effort that had to be put into preparations for the quinquennial external peer review of the school which took place from 19 to 21 August. The review panel were very impressed by the quality and depth of the work of the section and drew attention in particular to the way in which it adds value to the Irish research system through international linkages, project leadership and the promotion of advanced research infrastructures. The panel also commented on the fact that Ireland in not a member of the European Southern Observatory and encouraged the section to seek a leadership role in promoting Irish membership.

In high-energy non-thermal astrophysics the section continues to benefit enormously from the global connections and reputation of Prof Felix Aharonian as well as its participation in the HESS experiment. The HESS (High Energy Stereoscopic System) experiment's imaging atmospheric Cherenkov telescopes, located in Namibia in south west Africa, have revolutionised the field of ground-based gamma-ray astronomy and opened a new observational window on the universe at extremely high energies. To put it in perspective, HESS routinely detects particles of light (photons) with energies similar to those to which particles are accelerated in the LHC at CERN (a few TeV). A bibliometric study recently concluded that HESS was one of the ten astronomical research facilities which had the greatest scientific impact in the last five years. In a not unexpected, but nevertheless important, development HESS succeeded during the year in detecting the near-by star-burst galaxy NGC253 as a high energy gamma-ray source thereby confirming long-standing theoretical expectations that the high rate of massive star formation and resulting high rate of supernovae in these galaxies should be linked to strong particle acceleration. While HESS continues to produce much new material, it is clear that the "low-hanging fruit" has now largely been harvested and it is time to start seriously planning for a next generation instrument with higher sensitivity and resolution. The European initiative in this direction, the CTA project in which the Institute is a participant, has now been included in the roadmap of the European Strategic Forum for Research Infrastructures.

There are also exciting prospects for high-energy astrophysics with the next generation of X-ray telescopes, in particular the Japanese Astro-H project. It is therefore very significant that Prof Aharonian and the Institute were able during the year to join the Astro-H consortium and secure key positions in the project by assigning a newly-appointed Schroedinger fellow, Dr A. Bamba, to work with the Japanese space agency. Astro-H, scheduled for launch in 2014, will be the first hard X-ray telescope to have good spectroscopic resolution and is expected to be the leading experiment in the field for at least the next decade. With the background in HESS, participation in the Neutrino astronomy project KM3NeT, involvement in CTA and membership of Astro-H the section ends the year very well placed to continue as a leading world centre for high-energy astrophysics research.

Prof Evert Meurs worked mainly in the area of observational follow-up studies of gamma-ray bursts using high-resolution optical spectroscopy to study the intervening intergalactic gas along the line of sight to the distant burst source. He also continued work on understanding the origin of the so-called 'runaway' OB stars which are seen moving away from regions of star formation at unusually high speeds.

The other main scientific area of research, star formation, also saw significant evolution during the year as some projects ended and new initiatives started up under the dynamic leadership of Prof Tom Ray. The highly successful and well regarded European FP6 research training network JETSET concluded with a final meeting in January. A proposal for a continuation of the network under FP7 was prepared and submitted during the year, including for the first time industrial partners (now an essential condition for European funding).

Scientifically the trend in star formation studies over the last decade has been to move towards probing the jets and outflows associated with star formation as close as possible to the star itself using ever more sophisticated observational techniques. The ultimate aim is to distinguish observationally between the various theoretical models for jet launching (a fundamental open question in astrophysics) as well as to gain insight into the process of planet formation in proto-stellar discs. The Dublin group was one of the first to detect spectroscopic evidence for jet rotation and has also

Scoil na Fisice Cosmaí

Réalteolaíocht agus Réaltfhisic

Tá rannóga aonaithe na Réalteolaíochta agus na Réaltfhisice ag leanúint lena dtáirgiúlacht ard le 55 foilseachán measúnaithe i gcló sna hirisí príomhshrutha i rith na bliana agus chlúdaigh siad réimse leathan ábhar i réaltfhisic ardfhuinnimh agus i réaltfhoirmíocht, dhá phríomhspéis na rannóige. Tá na sonraí go léir ar fáil i dTuairisc Thaighde na Scoile. Is fiú a lua gur leanadh leis an táirgiúlacht ard seo in ainneoin an stró a bhain le hullmhú don athbhreithniú piaraí cúigbhliantúil, a tharla ón 19 go dtí an 21 Lúnasa. Bhí an painéal athbhreithnithe an-tógtha le cáilíocht agus le doimhneacht oibre na rannóige agus tharraing siad aird go háirithe ar an gcaoi ina gcuireann sí le luach chóras taighde na hÉireann trí nascálacha idirnáisiúnta, trí cheannaireacht tionscadal, agus trí chur chun cinn ardinfreastruchtúir taighde. Dúirt an painéal freisin nach bhfuil Éire ina bhall de Réadlann Dheisceart na hEorpa agus ghríosaigh siad an rannóg chun ról ceannaireachta a lorg i mballraíocht na hÉireann a chur chun cinn.

San réaltfhisic ardfhuinnimh neamhtheirmeach, leanann an rannóg ag baint leas mór as naisc dhomhanda agus as clú an Ollaimh Felix Aharonian, agus as páirtíocht na rannóige i dturgnamh HESS (An Córas Steiréascóipeach Ard-fhuinnimh). Chuir teileascóipeanna atmaisféaracha iomháite Cherenko ag turgnamh HESS atá lonnaithe sa Namaib san Aifric thiar theas tús le réabhlóid i réimse na réalteolaíochta gáma-ghathanna; agus tá fuinneog bhreathnaitheach nua oscailte ag HESS freisin ar an gcruinne ag fuinnimh fíor-arda ar fad. Chun é a chur i gcomhthéacs, sa ghnáthchúrsa, braitheann HESS cáithníní solais (fótóin) le fuinnimh cosúil leo siúd lena ngéaraítear cáithníní san LHC ag CERN (cúpla TeV). Dar le staidéar bibliméadrachta le déanaí, bhí HESS ar cheann de na deich n-áis taighde réalteolaíochta ba mhó thionchar le cúig bliana anuas. I bhforbairt thábhachtach, i rith na bliana, d'éirigh le HESS réaltra réaltroise in aice láimhe NGC253 a bhrath mar fhoinse gháma-ghathach ard-fhuinnimh; rud a dheimhnigh an t-ionchas le fada ón teoiric gur chóir an ráta ard réaltfhoirmíochta mórmhaise, mar aon leis an ráta ard ollnóva ag eascairt astu, i gceann amháin de na réaltraí seo, a nascadh le luasghéarú tréan cáithníní. Cé go leanann HESS ar aghaidh ag soláthar a lán ábhair nua, is léir go bhfuil an fómhar is giorra don talamh bainte nach mór agus gur chóir tabhairt faoi pleanáil dáiríre anois i dtreo ionstraime le híogaireacht agus le taifeach níos airde don chéad ghlúin eile. An tionscnamh Eorpach sa treo seo, tionscadal CAT, a bhfuil an Institiúid páirteach ann, tá an tionscnamh seo curtha isteach anois ar threochlár an Fhóraim Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagar Taighde.

South Dome on a Spring day – Dunsink Observatory.

Cruinneachán Theas ar lá earraigh – Réadlann Dhún Sinche.

Tá ionchais spreagúla i ndán don réaltfhisic ard-fhuinnimh freisin leis an gcéad ghlúin eile de theileascóipeanna x-ghathanna, i gcás turgnamh Astro-H na Seapáine go háirithe. Tá sé an-suntasach go bhfuair an tOllamh Aharonian agus an Institiúid ballraíocht i gcuibhreannas Astro-H i rith na bliana agus go bhfuair siad eochairphost sa tionscnamh, rud a rinne siad nuair a d'ainmnigh siad an Dr A. Bamba, an tÁnra nua Schroedinger, chun oibriú le gníomhaireacht spáis na Seapáine. Tá láinseáil Astro-H sceidealaithe i 2014, mar an gcéad chruatheileascóip x-ghathach le gléineacht mhaith speictreascóipeach agus ceaptar go mbeidh sé ina phríomhthurgnamh sa réimse ar feadh deich mbliana ar a laghad. Leis an gcúlra i HESS, páirtíocht i dtionscadal réalteolaíochta Neutrino KM3NeT, páirtíocht i CTA agus ballraíocht in Astro-H, tá an rannóg

extended the mass range of jet forming objects down to so-called brown dwarfs (objects intermediate in mass between stars and planets). A highlight of the year was the first detection of acceleration and deceleration in protostellar jets by newly arrived postdoctoral researcher, Dr. A. Caratti O.Garatti.

Prof Ray is a co-Principal Investigator of the Mid-Infrared Instrument (MIRI) to be installed as a European contribution to the James Webb Space Telescope, the successor to the Hubble Space telescope, due for launch in 2014. The final hard-ware components (filters and beam-splitters) specified and procured by the Institute have now been delivered and the focus of the MIRI work shifted during the year to software development. With the support of Enterprise Ireland and the Prodex programme of the European Space Agency two scientific programmers have been engaged and have started work on producing modules for the data-analysis pipeline and calibration in collaboration with the Space Telescope Science Institute in Baltimore USA. Having this expertise in house will be of great benefit in using MIRI data to maximum effect, especially in the crucial early phase of the mission.

Some of the Solar Telescopes used at the SolarFest 2009 just outside the main door of the Dunsink Observatory.

Roinnt de na Grianteileascóip a úsáideadh ag an SolarFest 2009 díreach lasmuigh de dhoras mór Réadlann Dhún Sinche.

